Aghaidh náisiúnta nua bonn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht

(2023/C 14/04)

Aghaidh náisiúnta an bhoinn nua chomórtha 2 euro atá ceaptha lena chur i gcúrsaíocht agus arna eisiúint ag an bhFrainc

Tá stádas dlíthairisceana ar fud an limistéir euro ag boinn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht. Foilsíonn an Coimisiún tuairisc ar dhearadh na mbonn nua uile chun an pobal agus na páirtithe uile a úsáideann na boinn a chur ar an eolas ([1]). I gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle an 10 Feabhra 2009 ([2]), ceadaítear do na Ballstáit sa limistéar euro agus do thíortha a bhfuil comhaontú airgeadaíochta tugtha i gcrích acu leis an Aontas Eorpach lena ndéantar foráil maidir le boinn euro a eisiúint, ceadaítear dóibh boinn chomórtha euro a eisiúint, boinn atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht, ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha áirithe, go háirithe nach n-úsáidtear ach an ainmníocht 2-euro. Is ionann na saintréithe teicniúla atá ag na boinn sin agus atá ag boinn 2-euro eile, ach tá dearadh comórtha ar a n-aghaidh náisiúnta lena mbaineann siombalachas nach beag ó thaobh na náisiún agus na hEorpa de.

Tír is eisitheoir: an Fhrainc

Ábhar an chomórtha: Cluichí Oilimpeacha 2024

Tuairisc ar an dearadh: Céad bliain tar éis na gCluichí Oilimpeacha in 1924, beidh na Cluichí Oilimpeacha á n-óstáil ag an bhFrainc arís eile, a bheidh ar siúl i bPáras in 2024, imeacht lena ngabhann macalla idirnáisiúnta agus déantar a dhéine a thógáil de réir a chéile sna blianta roimh an ócáid.

Tráth an fhuireachais leis na Cluichí Oilimpeacha, is mian le Monnaie de Paris an bóthar go dtí na Cluichí a cheiliúradh. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe aige bonn comórtha dhá euro a eisiúint gach bliain 2022, 2023 agus 2024 agus aghaidh bhunaidh ag gabháil leis chun na Cluichí a cheiliúradh, trí oidhreacht na Fraince agus Pháras.

Léirítear sa dearadh an ginias, figiúr náisiúnta agus íocón mhoneolaíocht na Fraince. Léirítear é agus caitheamh na teisce á chleachtadh aige ar bhealach "ancient" mar thagairt do Chluichí Oilimpeacha na ré ársa. Cumascann a scáthchruth le scáthchruth Arc de Triomphe, príomhghné d'oidhreacht Pháras. Cruthaíonn sé ais choiteann le séadchomhartha suaitheanta seo an bhua. Sa chúlra, léirítear rian lúthchleasaíochta ina gcuirtear suaitheantas Pháras 2024 isteach ar thaobh na láimhe deise. Cuirtear dáta na bliana, tagairt RF agus marcanna an mhionta isteach faoin áirse agus timpeall bhun an Arc.

Taispeántar 12 réalta bhratach an Aontais ar fháinne amuigh an bhoinn.

Líon measta na mbonn atá le heisiúint: 260 000

Dáta eisiúna: Meán Fómhair 2022

([1]) Féach IO C 373, 28.12.2001, lch. 1 le haghaidh aghaidh náisiúnta na mbonn uile a eisíodh in 2002.

([2]) Féach conclúidí na Comhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais an 10 Feabhra 2009 agus an Moladh ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2008 maidir le treoirlínte comhchoiteanna i dtaca le haghaidh náisiúnta agus eisiúint bonn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht (IO L 9, 14.1.2009, lch. 52).